# Oiliúnaithe Cuntasaíochta

Cuireann Údarás na Gaeltachta dhá dheis ghairmiúla ar fáil d'iarrthóirí cumasacha le hardchaighdeán Gaeilge chun cáilíocht phroifisiúnta sa chuntasaíocht a bhaint amach.

Cuirfear na hoiliúnaithe faoi mhaoirseacht an Rannóg Airgeadais agus beidh an deis acu a bheith lonnaithe in aon cheann d'oifigí an Údaráis (Gaoth Dobhair, Béal a' Mhuirthead, Na Forbacha nó Daingean Uí Chúis).

Mar chuid den chlár forbartha gairmiúla, gheobhaidh na hiarrthóirí rathúla oiliúint chuimsitheach i gcleachtadh na cuntasaíochta. Tá sé riachtanach go mbeadh iarrthóirí sásta clárú le hinstitiúid ghairmiúil chuntasaíochta aitheanta agus ballraíocht a bhaint amach inti.

Déanfar téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí, lena n-áirítear fad na gceapachán, a shocrú leis na hiarrthóirí rathúla.

**Riachtanais**

- Céim sa Tráchtáil nó Dioplóma i gCuntasaíocht nó i Staidéar Gnó
- Ardchaighdeán Gaeilge
- Sásta clárú le hinstitiúid ghairmiúil chuntasaíochta aitheanta

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar an Aoine, 09 Bealtaine 2025.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*